Timpeall an Domhain

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thrí eachtra a tharla timpeall an domhain. Sula bhféachann tú ar an tuairisc féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo – an dtuigeann sibh iad?

caimiléireacht		ag séanadh
	iachall	d'aon turas
comóradh		éirí amach
	deachtóir	

Ceist 2 Anois éist leis an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht na píosaí eolais sa dá cholún thíos a cheangal. Pléigh do chuid freagraí leis an duine in aice leat.

1. San *Old Bailey* tá	a. bhí buachaill óg deich mbliana
2. Kieran Fallon	b. in aghaidh an deachtóra Batista
3. Tá tuarascáil na hIaráice	c. tús curtha le trial an mharcaigh
4. I measc na ndaoine a maraíodh	d. a bhuaigh Prix de L'Arc de Triomphe
5. Tá comóradh á dhéanamh ar an	e. réabhlóidí Che Guevara
6. Thóg sé páirt san éirí amach	f. ag moladh go gcuirfidh an dlí ar chomhlacht *Blackwater*

Ceist 3 Éist leis an tuairisc arís agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

Mír 1: Cén fáth ar cúisíodh Kieran Fallon, in éineacht le cúigear eile i Londain?

Mír 2: Cad é a léirítear sa tuarascáil faoi na fir slándála?

Mír 3: Cén áit a bhfuil an comóradh den réabhlóidí Che Guevara ar siúl?

Ceist 4 Bhí an uimhir iolra de na focail seo le cloisteáil sa tuairisc. An cuimhin leat cad iad? Éist leis an tuairisc arís más gá chun do chuid freagraí a sheiceáil.

1. capall _____
2. tortha _____
3. rása _____
4. saighdiúir _____
5. fear _____
6. duine _____
7. tír _____

Ceist 5 '. . . ag séanadh *gur stop* sé nó *gur choinnigh* sé siar capaill le linn rásaí'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigí na habairtí a leanas ag baint úsáide as na briathra idir lúibíní.

1. Dúirt sé liom gur _____ sé an madra amach. (cuir)

2. Shíl mé gur _____ tú le Sinéad ag an deireadh seachtaine. (buail)

3. Tá Máire ag rá liom gur _____ sí bronntanas dó. (ceannaigh)

4. Ar chuala tú gur _____ sé go holc leis na mic léinn nuair a bhí siad ag stopadh ann. (caith)

5. Tá mise ag dul chuig an scannán sin mar gur _____ Seán dom go raibh sé go hiontach. (inis)

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An gcuma nár saighdiúirí iad na fir shlándála ó chomhlacht *Blackwater* atá san Iaráic?
Cad eile atá ar eolas agaibh faoi Che Guevara?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

1. c
2. d
3. f
4. a
5. e
6. b

Ceist 3

Mír 1: De bharr caimiléireachta ar bun acu sa tionscal rásaíocht capall.
Mír 2: Léirítear sa tuarascáil nár saighdiúirí na fir shlándála agus gur d'aon turas a thosaigh siad ag scaoileadh le daoine.
Mír 3: I gCúba agus i dtíortha Meiriceá Theas.

Ceist 4

capall	capaill
tortha	torthaí
rása	rásaí
saighdiúir	saighdiúirí
fear	fir
duine	daoine
tír	tíortha

Ceist 5

An aimsir chaite den bhriathar atá i gceist.

1. Dúirt sé liom gur chuir sé an madra amach.
2. Shíl mé gur bhuail tú le Sinéad ag an deireadh seachtaine.
3. Tá Máire ag rá liom gur cheannaigh sí bronntanas dó.
4. Ar chuala tú gur chaith sé go holc leis na mic léinn nuair a bhí siad ag stopadh ann.
5. Tá mise ag dul chuig an scannán sin mar gur inis Seán dom go raibh sé go hiontach.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Éimear Ní Chonaola

Mír 1
Tá tús curtha san *Old Bailey* i Londain le triail an mharcaigh as an tír seo Kieran Fallon atá cúisithe in éindí le cúigear eile i gcomhair caimiléireacht ar bun acu sa tionscal rásaíocht capall.

Tá Kieran Fallon a bhuaigh **Prix De L'Arc De Triomphe** i bPáras na Fraince inné ag séanadh gur stop sé nó gur choinnigh sé siar capaill le linn rásaí. Shéan beirt mharcach eile, Fergal Lynch agus Darren Williams chomh maith le Miles Rodgers, Seán Lynch agus Philip Sherkle go raibh siad páirteach i bhfeachtas le torthaí na rásaí a shocrú agus gur cuireadh iachall ar chuid de na capaill titim siar. Tuigtear go mairfidh an triail ar a laghad ceithre mhí.

Mír 2
Tá tuarascáil de chuid rialtas na hIaráice ag moladh go gcuirfidh an dlí ar chomhlacht príobháideach slándála Meiriceánach *Blackwater* faoi sheacht sibhialtach déag* a mharú i mBaghdad an mhí seo caite. Léirítear sa tuarascáil nár saighdiúirí na fir slándála** agus gur d'aon turas a thosaigh siad ag scaoileadh le daoine.

I measc na ndaoine a maraíodh bhí buachaill óg deich mbliana.

Mír 3
Agus ar deireadh tá comóradh á dhéanamh ar an réabhlóidí Che Guevara i gCúba agus i dtíortha Meiriceá Theas mar cothram an ama seo ceathracha bliain ó shin daoradh chun báis é sa Bholaiv***. Rugadh san Airgintín é agus cháiligh sé mar dhochtúir sular thóg sé páirt san éirí amach in aghaidh an deachtóra Batista in éindí le Fidel Castro.

**seacht shibhialtach déag* a deirtear
** *na fir shlándála* is ceart a scríobh
*** *an Bholaive* is ceart a scríobh